Rún maidir le príomhchathracha: forbairt eacnamaíoch agus dúshláin i ndiaidh COVID-19

(2023/C 229/02)

TÁ TIONÓL PARLAIMINTEACH EURONEST,

Ag féachaint d'Airteagail 5 agus 6 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus d'Airteagail 145 go 149 (Teideal IX — Fostaíocht) agus d'Airteagail 165 agus 166 (Teideal XII — Oideachas, gairmoiliúint, an óige agus spórt) de,

Ag féachaint d'fhorbairt Bheartas Chomharsanacht an Oirthir ó 2004 agus dá chomhchuid de Chomhpháirtíocht an Oirthir ó 2009 i leith agus go háirithe do thuarascálacha ar dhul chun cinn an Choimisiúin maidir lena chur chun feidhme,

Ag féachaint do na Comhaontuithe Comhlachais idir AE agus an tSeoirsia ([1]), AE agus an Mholdóiv ([2]) agus AE agus an Úcráin ([3]), lena leagtar síos cuspóir na Limistéar Domhain Cuimsitheach Saorthrádála, agus don Chomhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir AE agus an Airméin ([4]) agus don Chomhaontú Comhpháirtíochta agus Comhair idir AE agus an Asarbaiseáin ([5]),

Ag féachaint don chinneadh ón gComhairle Eorpach stádas iarrthóra AE a dheonú don Úcráin agus don Mholdóiv agus aitheantas a thabhairt do pheirspictíocht Eorpach na Seoirsia,

Ag féachaint do Ghníomh Bunreachta Thionól Parlaiminteach Euronest an 3 Bealtaine 2011 (arna leasú go deireanach an 26 Meitheamh 2018) ([6]),

Ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre comhpháirteach an Choimisiúin agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí an 9 Meitheamh 2017 dar teideal "Comhpháirtíocht an Oirthir — 20 Sprioc insoláthartha do 2020: ag díriú ar phríomhthosaíochtaí agus torthaí nithiúla" (SWD(2017)0300),

Ag féachaint don teachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Leas-Uachtarán/Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 18 Márta 2020 dar teideal "Beartas Comhpháirtíochta an Oirthir tar éis 2020: Athléimneacht a Threisiú — Comhpháirtíocht Oirthearach a dhéanann beart do chách" (JOIN(2020)007) agus na conclúidí ón gComhairle an 11 Bealtaine 2020 maidir le beartas Chomhpháirtíocht an Oirthir tar éis 2020,

Ag féachaint do theachtaireacht ó Bhiúró Thionól Parlaiminteach Euronest an 12 Meitheamh 2020 tráth fhíschomhdháil cheannairí Chomhpháirtíocht an Oirthir an 18 Meitheamh 2020,

Ag féachaint don dearbhú comhpháirteach ó Chruinniú Mullaigh Chomhpháirtíocht an Oirthir a tionóladh sa Bhruiséil an 15 Nollaig 2021;

Ag féachaint do mholadh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Meitheamh 2020 don Chomhairle, don Choimisiún agus do Leas-Uachtarán / Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le Comhpháirtíocht an Oirthir, roimh Chruinniú Mullaigh mhí an Mheithimh 2020 ([7]),

Ag féachaint do na barúlacha a thug Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Charles Michel, tar éis fhíschomhdháil cheannairí Chomhpháirtíocht an Oirthir an 18 Meitheamh 2020,

Ag féachaint do phlean gníomhaíochta 2018-2020 ó Chomhdháil na nÚdarás Réigiúnach agus Áitiúil do Chomhpháirtíocht an Oirthir,

Ag féachaint don rún ó Thionól Parlaiminteach Euronest an 9 Nollaig 2019 maidir le nuálaíocht in athchóirithe oideachais agus oideachais in AE agus i dtíortha chomhpháirtithe an Oirthir: dúshláin agus deiseanna ([8]),

Ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (Clár Oibre 2030) a glacadh ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe an 25 Meán Fómhair 2015 agus go háirithe do Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 4 maidir le hoideachas ardcháilíochta atá cuimsitheach agus cothrom a áirithiú agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách,

([1]) IO L 261, 30.8.2014, lch. 4. p. 4.
([2]) IO L 260, 30.8.2014,lch. 4. p. 4.
([3]) IO L 161, 29.5.2014, lch. 3.
([4]) IO L 23, 26.1.2018, p. 4.
([5]) IO L 246, 17.9.1999, p. 3.
([6]) IO C 198, 6.7.2011, lch. 4.
([7]) IO C 362, 8.9.2021, lch. 114.
([8]) IO C 134, 24.4.2020, p. 16.

Ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'fhógair Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ag an gCruinniú Mullaigh Sóisialta do Phoist Chóra agus d'Fhás in Göteborg an 17 Samhain 2017 agus go háirithe do Cholún 1 maidir leis an gceart ar oideachas, oiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach do chách chun scileanna a chothabháil agus a fháil a chuirfidh ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh sa tsochaí agus aistrithe sa mhargadh saothair a bhainistiú go rathúil,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013 ([9]),

Ag féachaint do rún ó Thionól Parlaiminteach Euronest an 22 Márta 2016 maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla, do thaithí oibre agus do dhioplómaí ollscoile laistigh de phróiseas Bologna ([10]),

Ag féachaint do dhoiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin an 10 Meitheamh 2016 dar teideal Anailíseach bonn taca do Chlár Oibre Nua Scileanna don Eoraip (SWD(2016)0195),

Ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2016 dar teideal "Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip: ag obair le chéile chun an caipiteal daonna, an infhostaitheacht agus an t-iomaíochas a neartú" (COM(2016)0381),

Ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2016 maidir leis an oideachas a fheabhsú agus a nuachóiriú (COM(2016)0941),

Ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2018 maidir leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach (COM(2018)0022),

Ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2018 le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le comhluachanna, an t-oideachas cuimsitheach agus gné Eorpach an teagaisc a chur chun cinn (COM(2018)0023),

Ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2018 le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le Príomhinniúlachtaí don Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil (COM(2018)0024),

Ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Bealtaine 2018 dar teideal An SME Strategy for a sustainable and digital Europe [Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach] (COM(2018)0268),

Ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 maidir le Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025 (COM(2020)0625),

Ag féachaint do mholadh ón gComhairle an 26 Samhain 2018 maidir le haitheantas frithpháirteach uathoibríoch a chur chun cinn do cháilíochtaí oideachais agus oiliúna ó institiúid ardoideachais nó meánoideachais shinsearaigh agus do thorthaí thréimhsí foghlama thar lear ([11]),

Ag féachaint do Communiqué Aireachta na Róimhe an 19 Samhain 2020 tar éis chruinniú aireachta Limistéar Eorpach an Ardoideachais,

Ag féachaint do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 11 Nollaig 2018 maidir leis an oideachas sa ré dhigiteach: dúshláin, deiseanna agus ceachtanna do cheapadh beartais an Aontais Eorpaigh ([12]),

Ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Márta 2020 dar teideal An SME Strategy for a sustainable and digital Europe [Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach] (COM(2010)2020),

Ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 5 Bealtaine 2020 ar an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát',

([9]) IO L 189, 28.5.2021, lch. 1.
([10]) IO C 193, 31.5.2016, lch. 17.
([11]) IO C 444, 10.12.2018, lch. 1.
([12]) IO C 388, 13.11.2020, lch. 2.

Ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2020 dar teideal "Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027: An t-oideachas agus an oiliúint a athshocrú don ré dhigiteach" (COM(2020)0624), ag a bhfuil Plean Gníomhaíochta Digiteach 2018-2020 ina dhúshraith,

Ag féachaint do Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le hIdirdhealú (Fostaíocht agus Gairm) (Uimh. 111) an 25 Meitheamh 1958,

Ag féachaint do Choinbhinsiún EIS maidir le Forbairt Acmhainní Daonna (Uimh. 142) an 23 Meitheamh 1975,

Ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2020 le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte do bheartais fostaíochta na mBallstát (COM(2020)0070) agus do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 5 Bealtaine 2020 agus do rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Iúil 2020 maidir leis an togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát ([13]),

Ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal A New Industrial Strategy for Europe (COM(2020)0102) [Straitéis Thionsclaíoch Nua don Eoraip],

Ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2020 dar teideal An SME Strategy for a sustainable and digital Europe [Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach] (COM(2020)456),

Ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Iúil 2020, do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Iúil 2020 maidir le conclúidí an chruinnithe urghnách den Chomhairle Eorpach an 17-21 Iúil 2020 ([14]) agus do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 10 agus an 11 Nollaig 2020,

Ag féachaint don tuarascáil ón gCoimisiún maidir le cúnamh macra-airgeadais do thríú tíortha a chur chun feidhme in 2019 (COM(2020)296),

Ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil 2018 an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta maidir le Ciste Iontaobhais Cúnaimh Theicniúil Chomhpháirtíocht an Oirthir,

Ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 6 Iúil 2018 lena mbunaítear an "Clár don Eoraip Dhigiteach le haghaidh na tréimhse 2021-2027" (COM(2018)434),

Ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 ina leagtar amach an "Comhaontú Glas don Eoraip", go háirithe an bhéim atá ann ar chomhpháirtíochtaí láidre comhshaoil, fuinnimh agus aeráide le stáit Chomhpháirtíocht an Oirthir (COM(2019)640),

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2017 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), Ráthaíocht CEFI agus Ciste Ráthaíochta CEFI ([15]).

Ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 28 Bealtaine 2020 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (COM(2020)408),

Ag féachaint do Choinbhinsiún Pháras na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide an 12 Nollaig 2015,

Ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 19 Eanáir 2021 chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach agus chuig an gComhairle dar teideal "Fronta aontaithe chun COVID-19 a shárú", go háirithe a hiarraidh rochtain a áirithiú do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir ar roinnt de na 2,3 billiún dáileog de vacsaín COVID-19 atá daingnithe ag AE (COM(2021)035),

Ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Márta 2020 dar teideal An SME Strategy for a sustainable and digital Europe [Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach] (COM(2020)0103),

Ag féachaint do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cur isteach eachtrach ar thoghcháin agus bréagaisnéis i bpróisis dhaonlathacha náisiúnta agus Eorpacha ([16]),

Ag féachaint don rún ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Meán Fómhair 2019 maidir leis an tábhacht a bhaineann le cuimhneachán Eorpach do thodhchaí na hEorpa ([17]),

---

([13]) IO C 371, 15.9.2021, lch. 134.
([14]) IO C 371, 15.9.2021 p. 110.
([15]) IO L 249, 27.9.2017, lch. 1.
([16]) IO C 202, 28.5.2021, p. 25.
([17]) IO C 171, 6.5.2021, p. 25.

Ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020 dar teideal An SME Strategy for a sustainable and digital Europe [Straitéis FBM d'Eoraip inbhuanaithe agus dhigiteach] (COM(2020)098),

Ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 12 Bealtaine 2009 maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET 2020) ([18]),

Ag féachaint don togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Clár a bhunú do ghníomhaíochtaí an Aontais i réimse na sláinte — don tréimhse 2021-2027 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 282/2014 ("Clár EU4Health") (COM(2020)405),

Ag féachaint do chruinniú Airí Eachtracha na Comhpháirtíochta Eorpaí an 12 Nollaig 2022 faoi chathaoirleacht an Ard-Ionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Josep Borrell,

Ag féachaint don doiciméad inmheánach oibre comhpháirteach dar teideal "Téarnamh, athléimneacht agus athchóiriú: tosaíochtaí Chomhpháirtíocht an Oirthir tar éis 2020",

Ag féachaint do rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Meitheamh 2022 maidir le slándáil i limistéar Chomhpháirtíocht an Oirthir agus ról an chomhbheartais slándála agus cosanta ([19]),

Ag féachaint don Mheastóireacht ón mBanc Eorpach Infheistíochta ar Chiste Iontaobhais um Chúnamh Teicniúil Chomhpháirtíocht an Oirthir (2010-2019),

Ag féachaint don togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757 (athbhreithniú ar chóras trádála astaíochtaí AE),

Ag féachaint do thuarascáil speisialta 09/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal; An Bhréagaisnéis a théann i bhfeidhm ar AE: tugtha fúithi seachas ceansaithe',

Ag féachaint do mholadh uaithi an 23 Samhain 2022 chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin/Ard-Ionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir le straitéis nua AE don mhéadú ([20]),

Ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle Eorpach an 24 agus an 25 Márta 2022,

A. de bhrí go raibh tionchar suntasach ag iarmhairtí eacnamaíocha agus iarmhairtí eile phaindéim COVID-19 ar thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir trína n-éifeacht ar thrádáil agus seoltáin; de bhrí gur fhreagair rialtais don phaindéim agus gur thug an Asarbaiseáin, an Airméin agus an tSeoirsia toirmisc agus srianta láithreacha isteach i roinnt réimsí;

B. de bhrí gur shlóg an tAontas Eorpach breis agus EUR 2,5 billiún chun tacú leis an Airméin, leis an Asarbaiseáin, leis an mBealarúis, leis an tSeoirsia, le Poblacht na Moldóive agus leis an Úcráin chun dul i ngleic le COVID-19; de bhrí gur thacaigh sí freisin le himscaradh vacsaíní COVID-19 agus vacsaíniú i gComhpháirtíocht in Oirthir (EUR 40 milliún) agus le comhroinnt vacsaíní arna bhformheas ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach le tíortha na Comhpháirtíochta ag na Ballstáit, arna n-éascú trí shásra cur chuige Team Europe arna chomhordú ag an bPolainn (EUR 35 mhilliún);

C. de bhrí go raibh an tSeoirsia buailte níos measa ag an moilliú ar an turasóireacht ná ag aon tír eile de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir agus go raibh an tionchar ar earnáil turasóireachta na hAsarbaiseáine tubaisteach freisin;

D. de bhrí go raibh tionchar diúltach ag srianta ar leathadh breise an víris ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna); de bhrí, i gcás na hAirméine, gur fhulaing FBManna ann tionchar níos díobhálaí ná mar a d'fhulaing siad i bpobail eile mar gheall ar ráig in Yerevan; de bhrí gur thuairiscigh FBManna i gcathracha móra na hAsarbaiseáine agus i gcathracha tíortha eile de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir go raibh fadhbanna ann mar gheall ar laghdú ar éileamh, cur isteach ar an slabhra soláthair agus titim ar dhíolacháin agus ar bhrabúis;

E. de bhrí go bhfuil tionchar ag titim ollmhór ar infheistíocht dhíreach choigríche i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir ar théarnamh an réigiúin tar éis na géarchéime;

([18]) IO C 119, 28.5.2009, lch. 2.
([19]) IO C 493, 27.12.2022, lch. 70.
([20]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0406.

F. de bhrí gur cuireadh EUR 100 milliún ar fáil trí chlár tacaíochta Team Europe chun cabhrú le FBManna, daoine féinfhostaithe agus daoine eile rochtain a fháil go héasca ar chreidmheas agus borradh a chur faoina ngnólachtaí tar éis na géarchéime; de bhrí gur cuireadh os cionn EUR 200 milliún ó línte creidmheasa agus deontais atá ann cheana ar fáil do FBManna in airgeadraí áitiúla trí Thionscnamh EU4Business;

G. de bhrí go ndearnadh difear mór don chóras oideachais le linn na paindéime mar gheall ar aistriú láithreach ó chuir chuige foghlama traidisiúnta go dtí an t-oideachas ar líne;

H. de bhrí go bhfuil leibhéal forbartha na seirbhísí digiteacha éagsúil idir tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus gur féidir neamhréireachtaí a fheiceáil idir a rátaí treáite idirlín;

I. de bhrí gurb í earnáil na seirbhísí is measa a bhí buailte i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir mar gheall ar dhul i bhfód níos ísle idirlín agus easpa forbairt chibearthráchtála;

J. de bhrí go léirítear i measúnú foriomlán ar thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir gur fhulaing na cathracha an cúlú eacnamaíoch is measa agus is doimhne, go háirithe iad siúd a bhfuil dlús ard daonra, gníomhaíocht eacnamaíoch agus cásanna COVID-19 acu, cé go raibh siad níos measa freisin mar gheall ar an easpa cumarsáide, gaireacht níos dlúithe agus cur isteach ar an slabhra soláthair;

K. de bhrí go ndearnadh na bearta a ghlac tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a ailíniú leis na bearta a rinneadh ar fud AE chun tionchar na paindéime ar FBManna a mhaolú;

L. de bhrí gur fhág bearta arna nglacadh ag rialtais chun an ghéarchéim sláinte a mhaolú gur dúnadh agus gur cuireadh ar fionraí go hiomlán nó go páirteach go leor gnólachtaí, rud a mhéadaigh an dífhostaíocht;

M. de bhrí go bhféadfadh géarchor chun donais eacnamaíoch agus bochtaineacht fhadtréimhseach teacht as rátaí arda dífhostaíochta agus rátaí ísle coigiltis i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir;

N. de bhrí go meastar go mbeidh an téarnamh eacnamaíoch i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir ina phróiseas fada agus casta;

O. de bhrí gur maolaíodh leachtú agus féimheachtaí mórscála i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir trí iasachtaí agus maoiniú gearrthéarmach a sholáthar chun cabhrú le FBManna le linn phaindéim COVID-19;

P. de bhrí go bhféadfadh deacrachtaí eacnamaíocha arbh í an phaindéim ba chúis leo nó a chuaigh in olcas an ráta dífhostaíochta a mhéadú tuilleadh agus bacainní breise ar infhostaitheacht a chruthú;

Q. de bhrí go bhfuil easpa infheistíochta sa teicneolaíocht dhigiteach ag leathnú na neamhionannais idir cuideachtaí, daoine agus áiteanna;

R. de bhrí gur féidir a mheas gur iarmhairt fhadtéarmach ar COVID-19 é laghdú suntasach ar éileamh tomhaltóirí ar fud thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, lena n-áirítear ina bpríomhchathracha;

S. de bhrí gur cheart do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir béim láidir a chur ar ról an oideachais san fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch;

T. de bhrí go raibh tionchar tubaisteach ag cogadh ionsaithe na Rúise gan chúis, ní hamháin ar an Úcráin ach ar réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir ina iomláine, rud a dhéanann difear do gach réimse den saol poiblí, lena n-áirítear tionchar gan choinne ar chúram sláinte agus ar fholláine shochaíoch;

U. de bhrí gur athdhearbhaigh an tAontas Eorpach a thiomantas do Chomhpháirtíocht an Oirthir agus a thoilteanas Chomhpháirtíocht an Oirthir a dhéanamh níos solúbtha agus níos oiriúnaí do riachtanais na dtíortha comhpháirtíochta;

1. á chur i bhfios go láidir go raibh tionchar cumhachtach diúltach ag COVID-19 ar phríomhchathracha thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, a dhéanann difear d'údaráis lárnacha agus áitiúla, chomh maith le gnó agus an tsochaí;

2. á thabhairt dá aire go raibh ar na húdaráis roghanna malartacha a aimsiú agus réitigh a lorg chun íoslaghdú a dhéanamh ar an damáiste forleathan eacnamaíoch a rinne an phaindéim i bpríomhchathracha Chomhpháirtíocht an Oirthir;

3. á thabhairt dá aire go bhfuil COVID-19 ar cheann de na príomhthosca a mbíonn tionchar acu ar dhinimic imirce lucht saothair sa réigiún; á thabhairt dá aire, ina leith sin, gur laghdaigh an phaindéim soghluaisteacht daoine go suntasach, rud a chuir dlús leis an dífhostaíocht sna príomhchathracha;

4. á thabhairt chun suntais go raibh cúlú eacnamaíoch tromchúiseach mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19 a rinne difear do gheilleagair agus do shochaithe araon; á thabhairt dá aire ag an am céanna gur deis é chun athmhachnamh a dhéanamh ar shamhlacha comhair atá ann cheana idir geallsealbhóirí éagsúla intíre agus idirnáisiúnta;

5. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé iltaobhachas agus tosaíochtaí straitéiseacha a chur chun cinn agus príomhghealltanais agus príomhchuspóirí idirnáisiúnta a bhaint amach don oideachas agus don nuálaíocht sna príomhchathracha, lena n-áirítear na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, Clár Oibre 2030 agus Comhaontú Pháras;

6. ag tabhairt dá aire go gcuirfidh teicneolaíochtaí digiteacha don oideachas agus don oiliúint feabhas ar na sineirgí idir an geilleagar agus an t-oideachas go ginearálta agus go mbeidh toradh sna príomhchathracha ar infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (TFCanna) ag institiúidí oideachais agus oiliúna, go háirithe iad siúd atá rannpháirteach i gcláir AE;

7. á chur i bhfáth nach mór cur chuige AE a bheith dírithe ar thacú le hathchóirithe daonlathacha agus eacnamaíocha agus ar athléimneacht institiúideach agus shochaíoch a neartú;

8. á chur i bhfios go láidir gur gá TFCanna a chomhtháthú i bpróisis teagaisc agus foghlama agus an t-oideachas a athdhearadh chun imeacht ó shamhail de tharchur eolais go ceann de chomhchruthaitheacht eolais sna príomhchathracha;

9. á chur i bhfáth, trí athoiliúint a chur ar mhúinteoirí agus tríd an gcóras oideachais a nuachóiriú chun é a chur in oiriúint don ré dhigiteach, gur féidir le tíortha cáilíocht a gcóras oideachais a fheabhsú;

10. ag tabhairt dá aire gur féidir le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir an deis sin a thapú chun dlús a chur lena straitéisí agus chun dlús a chur lena n-infheistíochtaí i gcórais oideachais agus oiliúna chun oideachas ardfheidhmíochta, inrochtana agus cuimsitheach a chur ar fáil, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint, foghlaim ar feadh an tsaoil, uas-sciliú agus athsciliú;

11. ag moladh go neartófaí teagmhálacha agus malartuithe le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir trí thionscadail chomhpháirteacha a fhorbraítear ar leibhéal na sochaí sibhialta, lena n-áirítear trí thacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn agus do ghairmithe óga chun páirt a ghlacadh i gcláir oideachais agus oiliúna AE amhail Erasmus+;

12. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé go saothraíonn tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir na cuspóirí sin trí bhonneagar, nascacht agus trealamh digiteach níos fearr a chur ar fáil agus trí oiliúint a chur ar mhúinteoirí chun glacadh leis an teicneolaíocht agus modheolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm;

13. ag tabhairt dá aire gur féidir le tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir soghluaisteacht a fheabhsú tríd an oideachas agus tríd an bhfoghlaim chun sealbhú príomhinniúlachtaí agus príomhthaithí atá ríthábhachtach do rannpháirtíocht ghníomhach i margadh an tsaothair agus sa tsochaí i gcoitinne a chothú;

14. á chur i bhfáth gur cheart athchóirithe oideachais a chur chun cinn go cúramach trí phríomhchláir amhail Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta agus Fís Eorpach a chur chun feidhme, agus go rachadh taithí charntha na bpríomhchathracha chun tairbhe d'fhorbairt na réigiún forimeallach;

15. á mheabhrú gur féidir le dreasachtaí airgeadais spriocdhírithe agus deiseanna foghlama modúlacha rannpháirtíocht in oiliúint i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a spreagadh chun dlús a chur lena n-iarrachtaí cabhrú le daoine fásta ar bheagán oiliúna íosleibhéal litearthachta, uimhearthachta agus scileanna digiteacha a bhaint amach;

16. á thabhairt chun suntais gur gá tacú le hionaid barr feabhais acadúil agus taighde sa réigiún trí chomhar acadúil agus oideachais idir tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a neartú agus an t-ualach riaracháin a mhaolú ag an am céanna;

17. á chur i bhfáth gur cheart do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir anailís a dhéanamh ar an gcaoi le soghluaisteacht idirnáisiúnta oibrithe ardoilte agus cáilithe a bhainistiú agus dea-chleachtais a roinnt le chéile chun cosc a chur ar an éifeacht dhíobhálach ar an bhfás agus ar an bhforbairt eacnamaíoch arb é is cúis leis deighleoga den lucht saothair atá níos óige agus a bhfuil oideachas níos fearr orthu;

18. á chur i bhfios go láidir gur gá cúrsaí cianfhoghlama ar líne atá ann cheana a úsáid nuair is féidir, cuideachtaí teicneolaíochta oideachais a spreagadh chun a n-acmhainní a dhéanamh níos inrochtana, modhanna teagaisc a éagsúlú ag brath ar aois agus ar acmhainn agus comhoibriú múinteoirí a spreagadh;

19. á chur i bhfáth, chun níos mó speisialtóirí digiteacha a tháirgeadh, gur cheart do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir teagasc scileanna digiteacha bunúsacha agus inniúlachtaí digiteacha bunúsacha a neartú ó aois óg agus curaclaim ardoideachais tharraingteacha a fhorbairt, agus ionchais fostaíochta na nglúine óg á bhfeabhsú ag an am céanna;

20. ag tabhairt dá aire gur cheart aird ar leith a thabhairt ar rochtain chomhionann a áirithiú do leanaí i gceantair iargúlta atá eisiata;

21. á chur i bhfáth, chun cultúr an chomhionannais inscne san ionad oibre a chur chun cinn agus chun cabhrú le gach cineál idirdhealaithe a chomhrac, lena n-áirítear steiréitíopáil inscne, nach mór do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a mbearnaí inscne a dhúnadh agus teagasc atá níos íogaire ó thaobh inscne de a chur chun cinn i scoileanna;

22. á thabhairt chun suntais gur gá aird bhreise a thabhairt ar leanaí faoi mhíchumas trína áirithiú go mbeidh acmhainní oideachais agus oideachais ar líne ar fáil;

23. á chur i bhfáth gur gá do ghníomhaithe na sochaí sibhialta, do chomhlachais fostóirí, do chomhpháirtithe sóisialta, d'institiúidí acadúla, d'ionaid oiliúna agus do ghníomhaireachtaí fostaíochta na bearnaí a shainaithint agus a dhúnadh idir riachtanais mhargaí saothair thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir agus na cáilíochtaí acadúla agus na scileanna gairmiúla a thairgtear lena gcórais oideachais agus oiliúna;

24. á chur i bhfios gur gá na huirlisí agus an t-eolas a thabhairt do dhaoine óga chun cur ar a gcumas páirt a ghlacadh sa ghníomhaíochas sibhialta, ról gníomhach a bheith acu sa tsochaí agus todhchaí níos fearr a thógáil dóibh féin;

25. á chur i bhfáth gur gá cúnamh a mhéadú do shaoránaigh na hÚcráine, atá ag fulaingt faoi láthair mar gheall ar ionsaí míleata na Rúise gan chúis i gcoinne na hÚcráine; ag tabhairt dá aire, de réir Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe, idir mí Feabhra 2022 agus an 20 Nollaig 2022 gur theith níos mó ná 16,6 milliún dídeanaí ón Úcráin go dtí tíortha eile; ag tabhairt dá aire freisin, de réir Oifig an Ionchúisitheora Ghinearálta san Úcráin, gur maraíodh 450 leanbh idir tús an chogaidh agus an 24 Nollaig 2022 agus gur gortaíodh 867 leanbh; á thabhairt faoi deara nach n-áirítear sna sonraí sin sonraí ó réimsí ina bhfuil cogaíocht ghníomhach; ag tabhairt dá aire, thairis sin, go ndearna an bhuamáil agus an tuairgneáil damáiste do 2 619 n-institiúid oideachais san Úcráin faoin 23 Nollaig 2022, agus go raibh 406 institiúid eile scriosta go hiomlán;

26. á mheabhrú go bhfuil gá le rannpháirtíocht láidir ó ghnólachtaí agus ó institiúidí ardoideachais chun curaclaim a oiriúnú agus intéirneachtaí a chur ar fáil trí dhlúthchomhar idir soláthraithe oideachais agus oiliúna agus earnáil an ghnó;

27. á chur i bhfáth go bhfuil gá le beartais an dara deis do ghnólachtaí leochaileacha trí thréimhse ghearr urscaoilte fiachais a bhunú, lena gcuirfí deireadh le dlíthe idirdhealaitheacha i gcoinne atosaithe, agus trí threoirlínte agus cúrsaí oiliúna tiomnaithe a chruthú;

28. á chur i bhfáth gur féidir le nuachóiriú chórais oideachais agus oiliúna thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir tairbhí nithiúla a thabhairt dá saoránaigh féin gan amhras;

29. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá tacaíocht airgeadais leanúnach ó chláir agus ó chistí AE agus béim á leagan ar fhorbairt bonneagair nua-aimseartha chun tíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a ullmhú do bhallraíocht san Aontas Eorpach amach anseo;

30. á chur i bhfáth go bhfuil ról tábhachtach ag AE maidir le tacú le hiarrachtaí thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir; ag moladh Scoil Eorpach Chomhpháirtíocht an Oirthir in Tbilisi na Seoirsia, mar chomhartha tábhachtach ar thionchar AE sa réigiún, lena gcuirtear deis uathúil ar fáil do mhic léinn ó na sé thír de chuid Chomhpháirtíocht an Oirthir rath pearsanta, sóisialta agus gairmiúil a bhaint amach, bunaithe ar bhunluachanna coiteanna Eorpacha;

31. á chur i bhfáth gur cheart don tsochaí shibhialta leanúint de bheith ag díriú ar bhearta spriocdhírithe chun tacú leis an tsochaí shibhialta áitiúil ina ról bunúsach maidir le faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí rialtas, go háirithe a mbeartais téarnaimh iar-COVID-19;

32. á thabhairt chun suntais gur féidir le príomhchathracha thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir deireadh a chur le bacainní ar an bhfoghlaim agus oideachas agus oiliúint nuálach agus chuimsitheach a chur chun cinn do chách, agus ar an gcaoi sin Limistéar Eorpach an Ardoideachais a fhíorú;

33. á chur i bhfios go láidir gur gá an t-ualach riaracháin a laghdú trí dhlús a chur le cur chun feidhme tionscnamh ríomhrialtais agus, ag an am céanna, deiseanna a chur ar fáil do shaoránaigh rochtain a bheith acu ar na seirbhísí poiblí uile is gá;

34. ag tabhairt dá aire gur gá dálaí a chruthú do dhaoine óga chun staidéar, oiliúint, obair agus páirt a ghlacadh sa tsochaí agus á iarraidh ar AE dlús breise a chur lena thacaíocht ina leith sin;

35. á chur i bhfáth go bhfuil gá le hinfheistíochtaí chun iomaíochas agus comhtháthú i slabhraí luacha AE a neartú;

36. á thabhairt chun suntais gur cruthaíodh tionscnaimh maidir le hoideachas cultúrtha agus daonlathach d'fhonn borradh a chur faoin tsoghluaisteacht agus faoi theagmhálacha idirphearsanta agus sochaithe níos láidre a bhaint amach trí fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch inbhuanaithe;

37. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé feabhas a chur ar an acmhainneacht chun gníomhaíochtaí bréagaisnéise a bhaineann le COVID-19 a thuar, aghaidh a thabhairt orthu agus freagairt dóibh agus aghaidh a thabhairt ar athléimneacht na sochaí ar bhagairtí bolscaireachta, bréagnuachta agus fuathchainte, gan saoirse cainte na meán a theorannú;

38. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tuilleadh poist ardcháilíochta a chruthú do dhaoine óga, rud atá thar a bheith dúshlánach i bhfianaise spreagthaí struchtúracha an athraithe amhail nuálaíochtaí teicneolaíochta agus domhandú, chun aon iarmhairtí socheacnamaíocha a bhaineann le "imirce daoine oilte" i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a chosc;

39. ag tabhairt dá aire go raibh córais cúraim sláinte uile thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir rómhór le linn phaindéim COVID-19 agus, dá bhrí sin, gur cheart do lucht ceaptha beartas cómhalartacht agus maoiniú cúraim sláinte poiblí a mhéadú chun ullmhacht a mhéadú;

40. ag tabhairt dá aire gur chuir paindéim COVID-19 dlús leis an aistriú digiteach agus gur cheart do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir athmhachnamh a dhéanamh ar inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht na samhlacha oideachais atá ann faoi láthair;

41. á chur i bhfáth gur cheart do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir comhoibriú maidir le taithí a roinnt i mbeartais téarnaimh iarphaindéime chun ullmhacht agus cómhalartacht a threisiú in aghaidh dúshláin chomhchosúla amach anseo;

42. á chur i bhfios go láidir gur gá creat soiléir a bheith ann le haghaidh post chun an dá aistriú a bhrú chun cinn, chun téarnamh ó thionchar socheacnamaíoch phaindéim COVID-19 a áirithiú, chun iomaíochas inbhuanaithe a neartú i bpríomhchathracha, chun poist chuibhiúla agus comhdheiseanna a áirithiú agus chun cobhsaíocht agus rathúnas a mhéadú sa réigiún.

43. á chur i bhfios go láidir gur gá borradh a chur faoin infheistíocht straitéiseach d'fhás inbhuanaithe, glas agus ciorclach an gheilleagair, agus an tslándáil bia i réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir á feabhsú ag an am céanna;

44. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé borradh a chur faoin bhforbairt eacnamaíoch trí bhearta amhail nascacht mhéadaithe agus forbairt réigiúnach, trádáil idir-réigiúnach, talmhaíocht agus forbairt tuaithe le béim láidir ar bheartas ar chosaint an chomhshaoil, chun athléimneacht i gcoinne an athraithe aeráide a threisiú, dlús a chur leis an aistriú i dtreo geilleagar ciorclach ísealcharbóin agus an geilleagar digiteach a fhorbairt;

45. ag tabhairt dá aire a thábhachtaí atá sé saineolas teicniúil agus acmhainneacht theicniúil a fheabhsú chun creataí faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe intíre ar astaíochtaí a thabhairt isteach i gcomhréir leis an gCreat Trédhearcachta Feabhsaithe nua faoi Chomhaontú Pháras;

46. á chur in iúl gur geal léi Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta Chomhpháirtíocht an Oirthir, lena mbainfear leas as EUR 2,3 billiún ó bhuiséad an Aontais i dtaca le deontais, cumasc agus ráthaíochtaí chun tacú leis an téarnamh iar-phaindéime agus chun geilleagair thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir a chlaochlú go hinbhuanaithe chun iad a dhéanamh níos athléimní agus níos comhtháite; ag tabhairt dá aire go bhféadfadh an plean suas le EUR 17 mbilliún a ghiaráil in infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha;

47. á iarraidh ar na geallsealbhóirí uile in AE agus i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir dlús a chur leis na hiarrachtaí chun tionscnaimh shuaitheanta ardphróifíle a chur chun feidhme, lena n-áirítear tionscadail atá ceaptha nascacht a fhorbairt sa Mhuir Dhubh, amhail cábla tarchurtha leictreachais agus cábla snáthoptaice na Mara Duibhe agus seirbhísí farantóireachta agus friothálacha díreacha idir an tSeoirsia agus Ballstáit AE (an Rómáin agus an Bhulgáir), lena laghdófaí na hagaí trasdula agus an ráta athraithe agus lena ndéanfaí na réigiúin sin níos inrochtana;

48. á mheabhrú go leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir ar mian leo a n-athléimneacht agus a gcobhsaíocht a fhorbairt sa réigiún trí chineálacha éagsúla comhair agus rannpháirtíochta a sholáthar, lena n-áirítear trí mhodhanna cibearshlándála, hibrideacha agus neamh-mhíleata eile.